

"Alcól á ól ag aois a sé déag?"



Díospóireacht

A chathaoirligh, a mholtóirí agus a chomhscoláirí...



Nótaí gramadaí ón Díospóireacht

Ainmfhocal baininscneach, Briathar sa Mhodh Coinníolach...



Scríobh díospóireacht duit féin

Tugann daoine óga aire mhaith dá sláinte inniu

Alcól á ól ag aois a sé déag?

A chathaoirligh, a mholtóirí agus a chomhscoláirí, bímis réalaióch! Labhráimís faoi saol mar atá sé inniu. Tosaíonn mórchuid na ndaoine óga in Éirinn ag ól agus iad 15 nó 16 bliana d'aois. Tá sé amaideach é a bheith ina dhlí nach bhfuil cead acu deoch a cheannach ná a ól in **áit phoiblí** shábháilte go dtí go mbíonn siad 18. Mar sin, beidh mise agus m'fhoireann ag labhairt in aghaidh an rúin inniu.

A chairde, bhí plé againn ar scoil an tseachtain seo caite agus cuireadh ceist orainn cé a bhíonn ag ól. Ní raibh ach triúr sa rang a dúirt nár ól siad go fóill. Nuair a d'fhiafraigh an múinteoir dinn cén uair ar thosaíomar ag ól, bhí go leor **freagraí difriúla** ann, ach ar an meán, thosaigh an chuid is mó dinn ag ól nuair a bhíomar 15 nó 16. Déarfainn go bhfuil an scéak mórán mar an gcéanna i ngach meánscoil sa tír, a dhaoine uaisle.



Chuala sibh Rachel ó lucht an fhreasúra ag salmaireacht faoin dochar a dhéanann an t-alcól do chorp an duine óig, nach bhfuil ár gcoirp aibí go leor chun déileáil leis. A leithéid d'amaidí níor chuala mé le fada. Ar an gcéad dul síos, a Rachel, ní thagann **athrú míorúillteach** ar chorp an duine ar a bhreithlá. Is é mí-úsáid an alcóil a dhéanann an dochar agus is féidir leis sin tarlú do dhuine am ar bith ina shaol. Sin an fáth go bhfuil sé an-tábhachtach deireadh a chur leis an gcosc ar ólachán agus eolas a thabhairt don óige faoin **tslí cheart** le halcól a úsáid.

Tuigeann muintir na hEorpa, na Francaigh ach go háirithe, é sin. Ó **aois óg**, tugtar **fion lag** do pháistí le hól lena ndinnéar. Bíonn sé mar chuid den ghnáthshaol acu, ní chuireann siad iontas ar bith ann agus is lú i bhfad an mhí-úsáid a bhaineann siad as an alcól agus iad ina ndéagóirí. Ar an drochuair, a chairde, is é a mhalairt ar fad atá fíor sa tír seo.

Deir na húdaráis gur drochrud é an t-ólachán nach bhfuil cead againn a bhlaiseadh. Cuirtear cosc orainn é a cheannach agus dúntar doirse na dtithe tábhairne agus na glcubanna oíche orainn. Cén toradh a bhíonn air sin, a chairde? Tuigimid ar fad, má cheiltear rud ar dhaoine gurb é sin an rid is mó a shantaíonn siad. Ólann **daoine óga** faoi rún, ólann siad in **áiteanna contúirteacha**, ar an tsráid, i lánaí dorchá. Ní féidir le Rachel ná lucht an fhreasúra a mhaíomh gur **rud sláintiúil** é sin.

Tá sé in am dúinn aghaidh a thabhairt ar chúrsaí mar atá siad. Cinnte, tá daoine óga ann nach mbeidh ag ól; agus bíodh meas againn ar an rogha sin, ach ní féidir linn ár gcloigne a shá sa ghaineamh. Bíonn agus beidh go leor daoine óga ó aois 15 ar aghaidh ag ól. Caithfimid áit shábháilte a chur ar fáil do na daoine óga sin, caithfimid na contúirtí a bhaineann le dul thar fóir leis an ólachán a mhúineadh don **aos óg** agus caithfimid slite inar féidir leo sult a bhaint as cuideachta a chéile gan mí-úsáid a bhaint as an alcól a thaispeáint dóibh. A dhaoine uaisle, go raibh maith agaibh

Gluais

réalaíoch *realistic*
salmaireacht = cabaireacht, caint gan stad
míorúilteach *miraculous*
ar an drochuair = go mí-ámharach
a mhaíomh = a rá, a éileamh *to claim*
a shá *to shove*



Cuir na focail/ nathanna thuas in abairtí a léireoidh a mbri.

Nótaí gramadaí ón Díospóireacht

Aimsigh samplaí de na nithe seo sa díospóireacht:

Alt 1:	Ainmfhocal baininsneach	Alt 4:	Saorbhriathar san aimsir ghnáthláithreach
Alt 2:	Briathar sa Mhodh Coinníollach	Alt 5:	An tuiseal gairmeach
Alt 3:	An fhoirm dhiúltach de bhriathar	Alt 6:	Ainmfhocal san uimhir iolra

Féach anois ar na focail atá faoi chló trom dearg san aiste. Is samplaí iad d'aidiachtaí a leanann ainmfhocail san uimhir uatha:

Tabhair faoi deara thíos na hathruithe a dhéantar don aidiacht nuair a bhíonn an t-ainmfhocal firinsneach nó baininsneach

Baininsneach	Firinsneach
ceist m haith	fear m aith
áit p hioblí	cruinniú p oiblí
bean b heag	bád b eag

Athscríobh na hainmfhocail seo thíos agus cuir aidiacht oiriúnach i ndiaidh gach ceann acu:

geata foireann bainisteoir gruaig deartháir
seachtain fuinneog cat scoil tarbh Garda solas
bábóg Máire máthair urlár teach balla bróg coill
áit Gaeilge geansaí Dónal liathróid capall caipín
domhan hata leabharlann páirc



Scríobh díospóireacht duit féin

Bíonn foirmle ag baint le tús gach díospóireachta:

- ➔ Beannaítear don chathaoirleach, do na moltóirí agus do na daoine atá i láthair.
- ➔ Abair go mbeidh tú ag labhairt **ar son** nó **in aghaidh** an rúin.
- ➔ Go minic, déantar sainmhíniú gairid ar an rún (an chiall nó an tábhacht a bhaineann tusa as).



Ullmhaigh cúpla oscailt roimh ré. Seo cúpla sampla:

- ➔ A chathaoirligh, a mholtóirí agus a lucht éisteachta, inniu labhróidh mé féin agus m'fhoireann ar son an rúin. Is ábhar tábhachtach é seo dúinn ar fad.
- ➔ A chathaoirligh, a mholtóirí agus a chomhscoláirí, dar linne, baineann an cheist seo le... agus, ar an ábhar sin, beidh mé ag labhairt go láidir in aghaidh an rúin.

Tá sé **fiorthábhachtach** a chuimhneamh go bhfuil **óráid** á scríobh agat. Déan iarracht labhairt go díreach leis an lucht éisteachta go minic. Bain úsáid as nathanna ar nós:

*A dhaoine uaisle A chairde Chonaic sibh...
Níl aon dabhat ach go dtuigeann sibh...
Bhí Cormac ag caint cúpla nóiméad ó shin faoi... Mar is eol daoibh...*

Ní gá ach **taobh amháin den argóint** a thabhairt, ach is féidir tagairt a dhéanamh d'argóintí an fhreasúra chun iad a bhréagnú.

Scríobh an chaint a thabharfá i ndíospóireacht scoile ar son nó in aghaidh an rúin seo a leanas:

"Tugann daoine óga aire mhaith dá sláinte inniu"